Scoil Chualann

Dear Parents/Guardians,

The Board of Management and the Parent's Committee in Scoil Chualann organise information sessions in order to assist you as parents.

We hope to organise a talk about children and the internet in the near future.

The parents of 3rd, 4th, 5th and 6th classes together with school staff and the Board of Management have banned the use of smart phones in Scoil Chualann .

We are very open to using technology to enhance learning and teaching. We use interactive whiteboards and children access educational programmes on laptops and IPads in a supervised environment. Our broadband in Scoil Chualann is filtered to keep your children safe when using technology.

We feel that this is an opportune time to examine our own use of the internet and to think about how it impacts on our lives. We may be spending too much time "online". Perhaps we should look at the time we spend on line before addressing our children's online behaviour.

Children as young as 18 months can be seen playing with tablets, mobile phones etc.

Occupational therapists are concerned that some children can no longer engage in creative play because they need to "be entertained" by technology all the time.

Speech and language therapists have noted that more children are presenting with poor language skills at a very young age.

Schools are seeing more behavioural issues linked to excessive amounts of time spent using "screens".

The message is very clear. We need to limit children's time on tablets, phones, or on smart technology. We need to spend more time talking to them and ensure that they have the opportunity to improve their language skills and engage in creative play.

We have been looking at toy shop catalogues. Some are advertising children's lap tops, smart watches, and phones for children as young as three years of age!

Some of these toys are being advertised as "educational".

We would advise parents to think carefully before giving children X Boxes, tablets, Ipads or mobile phones.

Some children tend to become obsessive about these to the exclusion of other activities.

Too much time spent on line impacts on motor skills and cognitive development.

How can we help our children when using technology?

Santa has asked all parents to think twice before asking him for toys which impact on their ability to play creatively and can expose children to online risks.

We can delay giving smart phones to our children for as long as possible (secondary school).

We can encourage our children to engage in other fun activities when they ask to play with our phones.

Here are some tips which might be helpful

- *Limit screen time.* ***No screen time on school mornings***
- *Engage in more board games/outdoor activities/reading/craft work*
- *Only allow children to use the internet when there is an adult present*
- *Postpone buying mobile phones/tablets for as long as possible (secondary school)*
- *Introduce technology gradually for limited, supervised periods of time*
- *Turn off wireless broadband at bed time*
- *Do not allow children to have a television/tablet/phone/X Box etc. in their bedroom*
- *Do not give your child a phone, lap top, tablet or Ipad without supervising them*
- *Discuss how much time the family spends with technology and if too much time is being spent with technology plan technology free activities*
- *Have a behaviour code for online activity (short simple rules), let everyone have imput when compiling the code, discuss the code and ensure that the children understand it*
- *Have a look at cybersafeireland.ie or webwise.ie for more tips*

Children may want to spend more time with technology during midterm break. Please monitor their usage and discourage them from too much screen time.

Thank you for taking the time to read this letter.

Míle buíochas.

Carmel Ní Ghairbhín
Príomhoide

Scoil Chualann

Cuireann Bord Bainistíochta agus Coiste na dTuismitheoirí Scoil Chualann seisiúin eolais ar fáil do thuismitheoirí na scoile seo.

Táimid ag súil go mbeidh caint againn go luath faoi pháistí agus an idirlíon.

Tá tuismitheoirí Ranganna 3,4,5,6 maraon le foireann agus Bord Bainistíochta na Scoile tar éis cosc a chur leis na "fóin chliste".

Bainimid úsáid as teicneolaíocht chun cur le torthaí foghlama na bpáistí agus chun cur le scileanna múinteoireachta. Bainimid leas as an gclar bán idirghníomhach agus tá fáil ag na páistí ar chláir oideachasúla ar ríomhairí glúine agus ar thaibléid i suíomh sábhailte faoi chúram múinteora.

Sílimid go mba chóir dúinn ar fad athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi go núsáidimid féin an teicneolaíocht agus ar an tionchar a bhíonn ag na méain sóisialta orainn.

Seans maith go bhfuilimid féin ag caitheamh an iomarca ama leis an teicneolaíocht. B'fhéidir go mba choir dúinn díriú ar ár niompar féin ar líne ar dtús.

Tá gasúir 18 mí le feiceáil ag spraoi le taibléid, fóin srl na laethanta seo.

Tá imní ar theiripeoirí saothair nach féidir le roinnt gasúr páirt a ghlacadh i spraoi cruthaitheach toisc go mbíonn siad ag lorg treorach ón teicneolaíocht an t-am ar fad.

Tá sé tugtha faoi deara ag teiripeoirí urlabhra agus teanga go bhfuil páistí óga ag teacht chucu agus fíorbheagán teanga acu.

Tá níos mó fadhbanna iompair ag páistí ar scoil anois agus níl aon dabht ach go bhfuil dlúthbhaint aige seo leis an méid ama ata á chaitheamh acu ag breathnú ar "scáileáin"

Is léir mar sin go gcaithimid teorainn ama a chur leis an méid ama a chaitheann gasúir ar thaibléid, fóin nó le teicneolaíocht chliste. Is gá dúinn níos mó ama a chaitheamh ag caint leo agus a chinntiú go mbíonn seans acu a gcuid scileanna teanga a fhorbairt .

Tá roinnt ama caite againn ag breathnú ar chatalóg bréagán. Tá ríomhairí glúine, uaireadóirí cliste, agus fóin chliste luaite iontu do pháistí 3 bliana d'aois!

Tá sé scríofa sna catalóga gur bréagáin oideachasúla iad seo!!

Molaimid do thuismitheoirí dianmhacnamh a dhéanamh sula gceannaíonn siad na rudaí seo dá bpáistí.

Is féidir le roinnt páistí a bheith chomh gafa leis an teicneolaíocht seo nach mbacann siad le scileanna eile.

Cuireann sé as do scileanna luaile agus forbairt chognaíoch an pháiste nuair a chaitheann siad an iomarca ama ar líne.

Is féidir linn cabhrú leis na páistí nuair atá siad ag baint úsáide as teicneolaíocht.

Tá San Nioclás tar éis iarraidh orainn na bréagáin "cliste" seo a sheachaint

Ní gá dúinn fóin chliste a thabhairt do pháistí óga, is féidir linn fanacht go dtí go bhfuil siad níos sine (aois mheánscoile)

Is féidir linn na páistí a spreagadh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí eile ionas nach mbeidh siad ag iarraidh spraoi leis na fóin seo againne.

B'fhéidir go gcabhróidh na moltaí seo libh

- Cuir teorainn leis an méid ama a chaitheann na páistí ar líne. Ná bíodh aon fáil ar scáileáin ar maidin
- Caith níos mó ama le cluichí boird/gníomhaíochtaí lasmuigh/léitheoireacht/Obair láimhe
- Ná ceannaigh fóin phóca /taibléid go dtí go bhfuil na gasúir réidh le bheith freagrach astu
- Lig do na páistí eolas a chuir ar an teicneolaíocht de réir mar a théann siad in aois , cuir teorainn leis an méid ama a chaitheann siad ar líne agus coinnigh súil orthu le linn an ama seo
- Múch an idirlíon istoíche
- Ná tabhair taibléad/fón/X Box/PS srl do pháiste muna bhfuil duine fásta ag coinneáil súil orthu
- Ná bíodh cead ag na páistí teilifís, Ipads,taibléid nó fóin a úsáid sna seomraí codlata
- Labhair leis an gclann faoi méid ama a chaitheann an teaghlach leis an teicneolaíócht agus
  eagraigh gníomhaíochtaí saor ón teicneolaíocht má tá iomarca ama á chaitheamh leis an teicneolaíocht
- Bíodh cód iompair ag an teaghlach don idirlíon, bí cinnte go bhfuil ionchur ag gach duine sa chód agus go dtuigeann gach duine é

Seans go mbeidh na paistí ag iarraidh níos mó ama a chaitheamh leis an teicneolaíocht le linn saoire na Samhna. Iarrtar oraibh súil a choinneáil ar na páistí agus gan ligint dóibh an iomarca ama a chaitheamh leis an teicneolaíocht.

Míle buíochas as an litir seo a léamh

Carmel Ní Ghairbhín
Príomhoide

Ranganna 4,5,6

Ní cóir do na páisti ábhar mí-oiriúnach a phlé le páistí eile sa rang.

Ba chóir go dtuigfeadh tuismitheoirí go bhféadfadh páistí óga an teaghlaigh ábhar mí-oiriúnach a fháil ó thaibléid/fóin na ndearthaireacha agus na ndeirfiúracha is sine agus go bhféadfadís an t-ábhar seo a phlé le páistí eile ar scoil.

Tá seans ann gur aimsigh do pháiste ábhar mí-oiriúnach nó ábhar gairsiúil trí thimpiste nó d'aon ghnó . Labhair le do pháiste faoi seo.

Tá focail an-ghairsiúil i gcuid de na hámhráin ar YouTube . Tá páistí ag éisteacht leis na hamhráin seo agus á bplé le páistí eile . Tá sé seo tar éis tarlú i rang amháin.Iarr orthu le bhur dtoil gan é seo a dhéanamh.

Seans go mbeidh na páistí ag iarraidh níos mó ama a chaitheamh le teicneolaíocht le linn saoire na Samhna . Coinnigh súil ar an méid ama a chaitheann siad ar líne .

Tá an aimsir go hálainn faoi láthair bainimís taitneamh as!